www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**2018**

# Irish

## Assessment Unit AS 2
## (Section A)

*assessing*

## Listening

**[SIR21]**

**FRIDAY 25 MAY, AFTERNOON**

# TRANSCRIPT

**GCE Recording Instructions**

☐ Indicates track break

Each piece heard once only

www.xtrapapers.com

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Education, Summer 2018
Irish New Specification, Assessment Unit 2
Advanced Subsidiary,
Listening

Read each question carefully. Listen to the recording and write your answer in the space provided.

Make sure that you have clearly understood the instructions given on the front page of the question paper before you begin the examination.

1 Dia daoibh ar maidin, a scoláirí. Ar dtús, ba mhaith liom fearadh na fáilte a chur romhaibh uilig ar ais ar scoil, go háirithe roimh lucht na chéad bhliana. Is mise Seán Ó Murchú agus is mé ceannaire Roinn an Chorpoideachais sa scoil.

Tá eolas agam daoibh maidir leis an turas sciála a bheas ann i mí Feabhra. Eagraím turas sciála go rialta. Anuraidh chuaigh muid chun na Bulgáire agus an bhliain seo chugainn beidh muid ag dul chun na hIodáile.

Beidh sé chéad nócha euro ar an turas, sin bia, taisteal, lóistín agus an trealamh sciála san áireamh. Beidh muid ag imeacht ar an dara lá déag de mhí Feabhra agus ag teacht ar ais ar an naoú lá déag. Ná bígí buartha, a scoláirí, má shíleann sibh go mbeidh sibh ag cailleadh laethanta scoile. Beidh an turas ann ag an sos lár téarma.

Deis iontach atá ann aithne níos fearr a chur ar do chomhscoláirí agus ar do mhúinteoirí, go cinnte. Deis atá ann fosta eolas a chur ar thíortha thar lear agus, ar ndóigh, deis iontach atá ann feabhas a chur ar do scileanna sciála. Ba mhaith liom a mhíniú do na scoláirí anseo nach raibh ag sciáil riamh roimhe, go mbíonn dathanna éagsúla ar na fánaí sciála. Má tá tú ag tosú amach ar an sciáil, caithfidh tú fanacht ar an fhána ghlas go ceann cúpla lá go dtí go n-éireoidh tú cleachtaithe leis. Téann tú ar na fánaí gorma, na fánaí dearga agus na fánaí dubha ina dhiaidh sin. Beidh cruinniú agam Dé Luain seo chugainn dóibh siúd a bhfuil suim acu sa turas sciála.

*Source: Examiner*

www.xtrapapers.com

2 Rinneadh taighde i mBaile Átha Cliath ar chúrsaí bia agus ar nósanna itheacháin i measc an aosa óig. Mhair an taighde ar feadh dhá bhliain agus bhí míle go leith páiste páirteach sa tsuirbhé. Bhí ar gach páiste a bhí páirteach sa tsuirbhé dialann a choinneáil agus gach rud a d'ith sé agus a d'ól sé a scríobh síos. Cuireadh deireadh leis an taighde roinnt míonna ó shin agus rinne foireann dochtúirí ollscoile scrúdú ar na torthaí. Fuarthas amach ó na torthaí go bhfuil páistí idir seacht mbliana agus deich mbliana d'aois ag ithe barraíocht siúcra. Ar a bharr sin, léiríonn torthaí an taighde nach bhfuil na páistí san aoisghrúpa seo ag ithe go leor glasraí.□

Dúirt an dochtúir a bhí i mbun an taighde gur chuir na torthaí imní mhór air. Cé gur thuig an dochtúir go raibh fadhb ann maidir le cúrsaí bia, dúirt sé nár thuig sé go raibh an fhadhb chomh mór agus atá sí. Dúirt an tAire Sláinte go raibh díomá mhór air faoi na torthaí seo. Dúirt sé fosta go mbeadh sé ag cur brú ar thionscal an bhia gearradh siar láithreach fiche faoin chéad ar an siúcra a chuireann siad isteach ina dtáirgí bia.□

Is iad na deochanna lánsiúcra is measa ó thaobh na sláinte de. Thug an tAire Sláinte rabhadh do thuismitheoirí cosc a chur ar na deochanna lánsiúcra i rith na seachtaine agus gan iad a chur i mbosca lóin a gcuid páistí.□

Faoin am a mbaineann páistí bunscoile rang a seacht amach, bíonn duine as gach triúr acu róthrom. Ar ndóigh, bíonn tionchar mór aige seo ar shláinte na bpáistí. Má tá páiste róthrom, tá seans níos mó ann go dtiocfaidh diaibéiteas nó fadhbanna croí air agus é níos sine. Tá tuilleadh eolais faoi seo le fáil ar shuíomh idirlín na Roinne Sláinte.□

*Source: Examiner*

This is the end of the recording.